Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/618

24.4.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 260/2024**

**an 6 Nollaig 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/618]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2020/177 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/55/CE, 2002/56/CE agus 2002/57/CE ón gComhairle, Treoracha 93/49/CEE agus 93/61/CEE ón gCoimisiún agus Treoracha Cur Chun Feidhme 2014/21/AE agus 2014/98/AE a mhéid a bhaineann le lotnaidí plandaí ar shíolta agus ar ábhar atáirgthe plandaí eile ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí fíteashláintíochta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí fíteashláintíochta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuid 1 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 2 (Treoir 66/401/CEE ón gComhairle), 3 (Treoir 66/402/CEE ón gComhairle), 12 (Treoir 2002/55/CE ón gComhairle) agus 13 (Treoir 2002/57/CE ón gComhairle):

   '- **32020 L 0177**: Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2020/177 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2020 (IO L 41, 13.2.2020, lch. 1).'

2. Leasaítear pointí 2 (Treoir 66/401/CEE ón gComhairle) agus 3 (Treoir 66/402/CEE ón gComhairle) mar a leanas:

   1. Athuimhrítear an t-oiriúnú atá ann cheana mar oiriúnú (b).

   2. Cuirfear an méid seo a leanas isteach roimh oiriúnú (b):

      'Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha na Treorach oiriúnaithe mar a leanas:

      (a) Tagairtí do ghníomhartha eile sa Treoir, measfar iad a bheith ábhartha a mhéid a bhfuil na gníomhartha sin ionchorpraithe sa Chomhaontú agus san fhoirm ina bhfuil na gníomhartha sin ionchorpraithe sa Chomhaontú.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir Cur Chun Feidhme (AE) 2020/177 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 41, 13.2.2020, lch. 1.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Anders H. EIDE

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.